Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Bealtaine 2021**
**(OR. en)**

**9153/21**

**POLGEN 78**
**POLMAR 6**
**CLIMA 124**
**COMAR 12**
**ENER 237**
**ENV 374**
**PECHE 164**
**RELEX 472**
**TRANS 330**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8712/1/21 REV 1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le geilleagar gorm inbhuanaithe: sláinte, eolas, rathúnas, cothromas sóisialta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le geilleagar gorm inbhuanaithe: sláinte, eolas, rathúnas, cothromas sóisialta, mar a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici ar an 26 Bealtaine 2021 iad.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le geilleagar gorm inbhuanaithe: sláinte, eolas, rathúnas, cothromas sóisialta**

Déanann Comhairle an Aontais Eorpaigh an méid seo a leanas,

Á MHEABHRÚ DI:

– conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBeartas Muirí Comhtháite ó mhí na Nollag 2008, an 16 Samhain 2009, an 14 Meitheamh 2010, an 19 Nollaig 2011, an 11 Nollaig 2012, an 25 Meitheamh 2013 agus an 24 Meitheamh 2014[1];

– conclúidí ón gComhairle maidir leis an Artach an 20 Meitheamh 2016[2];

– conclúidí ón gComhairle maidir le 'Rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí ár n-aigéan', an 3 Aibreán 2017[3];

– conclúidí ón gComhairle maidir le 'todhchaí inbhuanaithe don Eoraip: Freagairt an Aontais do Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe' an 20 Meitheamh 2017[4];

– conclúidí ón gComhairle maidir leis an bhFás Gorm an 26 Meitheamh 2017[5];

– conclúidí ón gComhairle maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bplean gníomhaíochta do straitéis slándála muirí an Aontais Eorpaigh (SSMAE) an 26 Meitheamh 2018[6];

– conclúidí ón gComhairle maidir leis na hAigéin agus na Farraigí an 19 Samhain 2019[7];

---

1 16503/1/08 REV 1, 15175/1/09 REV 1, 10300/10, 18279/11, 16553/12 + COR 1, 10790/13 agus 11204/14
2 10400/16
3 8029/17
4 10370/17
5 10662/17
6 10494/18
7 14249/19

– conclúidí ón gComhairle maidir leis an Straitéis Bhithgheilleagair nuashonraithe *A sustainable Bioeconomy for Europe: strenghtening the connection between economy, society and the environment* [Straitéis Bithgheilleagair inbhuanaithe don Eoraip: an nasc idir an geilleagar, an tsochaí agus an comhshaol a neartú] an 29 Samhain 2019[8];

– conclúidí ón gComhairle maidir le 'Eoraip inbhuanaithe a thógáil faoi 2030 – An dul chun cinn go dtí seo agus na chéad chéimeanna eile' an 10 Nollaig 2019[9];

– conclúidí ón gComhairle maidir le 'Earnáil Uisce-Iompair an Aontais Eorpaigh – An t-ionchas don todhchaí: I dtreo Earnáil Uisce-Iompair an Aontais atá neodrach ó thaobh carbóin de, saor ó thionóiscí, uathoibrithe agus iomaíoch' an 5 Meitheamh 2020[10];

– conclúidí ón gComhairle maidir leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' an 19 Deireadh Fómhair 2020[11];

– conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBithéagsúlacht – an gá atá le gníomh práinneach, an 23 Deireadh Fómhair 2020[12];

– conclúidí ón gComhairle maidir le téarnamh lena gcuirtear chun cinn an t-aistriú go tionscal Eorpach níos dinimiciúla, níos athléimní agus níos iomaíche an 16 Samhain 2020[13];

– conclúidí ón gComhairle maidir leis an Limistéar Eorpach Taighde Nua an 1 Nollaig 2020[14];

– conclúidí ón gComhairle maidir le Fuinneamh Amach ón gCósta - Comhar Eorpach i bhfuinneamh inathnuaite amach ón gcósta agus fuinneamh inathnuaite eile a chothú an 11 Nollaig 2020[15];

– conclúidí ón gComhairle 'Ionsar mhargadh hidrigine don Eoraip' an 11 Nollaig 2020[16];

– conclúidí ón gComhairle maidir le bheith ag féachaint le Téarnamh Ciorclach Glas an 17 Nollaig 2020[17];

---

8 14594/19
9 14835/19
10 8648/20
11 12099/20
12 12210/20
13 13004/20
14 13567/20
15 13893/20
16 13976/20

1. AITHNÍONN SÍ gur bagairt dhíreach, eiseach ar bheatha agus ar fholláine an duine iad an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil, lena n-áirítear cailliúint na bithéagsúlachta, agus go gcuireann siad ár sochaí agus ár ngeilleagar i mbaol; ar mhaithe le todhchaí atá athléimneach ó thaobh na héiceolaíochta agus an chomhshaoil de, ba cheart caomhnú, athbhunú agus úsáid inbhuanaithe na n-aigéan agus na bhfarraigí a bheith mar chuid lárnach den chlaochlú; IS DÍOL SÁSAIMH DI an Comhaontú Glas don Eoraip mar straitéis lena ndéanfar an tAontas Eorpach a chlaochlú ina gheilleagar nua-aimseartha, tíosach ar acmhainní, athléimneach, iomaíoch agus inbhuanaithe ina gcaomhnófar, ina n-athbhunófar agus ina n-úsáidfear an bhithéagsúlacht go hinbhuanaithe faoi 2050, ina mbeidh astaíochtaí gás ceaptha teasa glan-nialasacha, ina laghdófar an truailliú go leibhéil nach ndéanfar dochar a thuilleadh do dhaoine agus d'éiceachórais nádúrtha, agus ina ndéanfar an fás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó úsáid neamh-inbhuanaithe acmhainní;

2. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil ról tábhachtach i gclár oibre an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip ag geilleagar gorm inbhuanaithe mar chuid de Bheartas Muirí Comhtháite an Aontais agus ag úsáid inbhuanaithe na n-aigéan agus na bhfarraigí; TACAÍONN SÍ le rialachas fónta bunaithe ar eolas, feasacht agus léargas ar na haigéin agus ar na farraigí, chomh maith le dálaí socheacnamaíocha atá cóir agus cothrom, i gcomhréir le Clár Oibre Straitéiseach an Aontais;

3. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur dúshlán stairiúil don Aontas Eorpach agus don domhan í paindéim COVID-19; MEABHRAÍTEAR DI gur ionstraimí iad Next Generation EU agus an creat airgeadais ilbhliantúil nua, lena n-áirítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, nach mór iad a chur san áireamh agus earnálacha an gheilleagair ghoirm á bhforbairt chun rannchuidiú le téarnamh na hEorpa, agus an tiomantas do chaomhnú, d'athbhunú agus d'úsáid inbhuanaithe na n-aigéan, na bhfarraigí agus na n-acmhainní muirí á dtreisiú ag an am céanna;

4. AITHNÍONN SÍ go bhfuil ról ríthábhachtach ag na haigéin agus na farraigí mar rialálaí aeráide, príomh-linn charbóin an phláinéid, agus mar phríomh-rialálaí theocht an phláinéid; Mar sin, ba cheart breathnú ar na haigéin agus ar na farraigí mar réiteach tábhachtach dúlra-bhunaithe ar dhúshláin an athraithe aeráide;

[17] 13852/20

5. CUIREANN SÍ I dTREIS an tábhacht a bhaineann leis na straitéisí agus na tionscnaimh imchuach farraige uile maidir le cuspóirí comhchoiteanna a chur chun cinn le haghaidh geilleagar gorm inbhuanaithe idir an tAontas agus tíortha comharsanacha; IS DÍOL SÁSAIMH DI an plean gníomhaíochta nua maidir le straitéis mhuirí i limistéar an Atlantaigh[18], an plean gníomhaíochta nuashonraithe le haghaidh Straitéis an Aontais do Réigiún Mhuir Bhailt agus Dearbhú na nAirí 2021 ón Aontas don Réigiún Meánmhuirí maidir leis an nGeilleagar Gorm;

6. IS CÚIS IMNÍ DI an caillteanas post in earnálacha éagsúla den gheilleagar gorm agus go bhfuil na hearnálacha sin tite ar gcúl de dheasca ghéarchéim COVID-19; IS DÍOL SÁSAIMH DI iarrachtaí comhpháirteacha an Aontais agus a Bhallstát chun tionchair na géarchéime a aisiompú, lena n-áirítear trí mhaoiniú poiblí agus príobháideach agus trí infheistíochtaí, lena gcuirfear ar chumas an Aontais teacht as an ngéarchéim seo agus é níos láidre;

7. ATHDHEARBHAÍONN SÍ, mar a chuirtear in iúl i Rún A/75/239 ó na Náisiúin Aontaithe an 31 Nollaig 2020, go leagtar amach le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige 'an creat dlíthiúil faoina gcuirtear na gníomhaíochtaí uile ar na haigéin agus ar na farraigí i gcrích';

8. MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil gá, chun aigéin agus farraigí folláine athléimneacha a áirithiú, an meath ar a sláinte a chur ina cheart arís, a n-éiceachórais a chaomhnú agus a áirithiú go mbaintear úsáid inbhuanaithe as acmhainní muirí, le hathrú ar uaillmhianta bainistíochta domhanda agus go sonrach inár bpatrúin táirgthe agus tomhaltais;

9. IS DÍOL SÁSAIMH DI an teachtaireacht ón gCoimisiún[19] maidir le cur chuige nua le haghaidh geilleagar gorm inbhuanaithe, lena n-iarrtar go rachfaí i mbun cur chuige trasearnála neartaithe;

10. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Straitéis 'ón bhfeirm go dtí an forc'[20], lena n-iarrtar go gcuirfí dlús leis an aistriú i dtreo táirgeadh inbhuanaithe éisc agus bia mara agus bithgheilleagar gorm ciorclach; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR go bhfuil an t-aistriú i dtreo córais bhia a bheidh idir chothrom, fholláin agus inbhuanaithe mar aon le hinfheistíocht i gcineálacha nua inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltais bia ríthábhachtach ar mhaithe le hinbhuaine an tslabhra bia agus sábháilteacht agus slándáil bia;

---

[18] 9922/20
[19] 8810/21
[20] 8280/20

11. IS DÍOL SÁSAIMH DI na treoirlínte straitéiseacha nua le haghaidh dobharshaothrú inbhuanaithe san Aontas agus go bhfuil tús curtha ag an gCoimisiún ar obair ar thionscnamh chun tacú le táirgeadh, tomhaltas sábháilte agus úsáid nuálach algaí san Aontas;

12. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn atá déanta go dtí seo faoi chuimsiú an chomhbheartais iascaigh (CBI) maidir lena áirithiú go bhfuil iascach inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil agus na heacnamaíochta de agus ar an leibhéal sóisialta agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur gá leanúint de CBI a chur chun feidhme ina iomláine;

13. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS an tábhacht a bhaineann leis an iascach agus an dobharshaothrú, go háirithe ar mionscála, mar dhá cheann de na príomhghníomhaíochtaí arb ionann iad agus an bonn eacnamaíoch agus sóisialta do phobail áitiúla cois cósta, agus a n-ábharthacht agus a n-inbhuaine chomhshaoil á n-áirithiú san fhadtéarma, agus ATHDHEARBHAÍONN SÍ an gá atá le tacaíocht speisialta do na pobail sin;

14. MEABHRAÍTEAR DI torthaí Thuarascáil an Gheilleagair Ghoirm 2020 ón Aontas, go háirithe an gá atá le luach na n-aigéan agus na bhfarraigí a aithint agus a admháil, bíodh luach eacnamaíoch, sóisialta nó cultúrtha i gceist leis sin, rud atá níos práinní fós i bhfianaise na géarchéime tromchúisí atá ann de dheasca phaindéim COVID-19. Ba cheart do gheilleagar gorm na hEorpa a bheith ina cholún lárnach daingean a rannchuidíonn le téarnamh glas gheilleagar na hEorpa agus le athléimneacht ár sochaí; ADMHAÍONN SÍ Tuarascáil an Gheilleagair Ghoirm 2021 agus TÁ SÍ AG SÚIL le staidéir agus sonraí ábhartha eile a bheidh ina gcuidiú chun bheith ar an eolas faoin bhforbairt a dhéanfar sa gheilleagar gorm i ndáil le téarnamh glas a bhaint amach;

15. ATHDHEARBHAÍONN SÍ gurb í an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí colún comhshaoil an Bheartais Mhuirí Chomhtháite agus tá sé d’aidhm aici dea-stádas comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil d’uiscí mara Bhallstáit an Aontais tríd an gcur chuige bunaithe ar éiceachórais a chur i bhfeidhm agus rannchuidiú freisin le húsáid inbhuanaithe earraí agus seirbhísí mara ag an nglúin seo agus ag na glúine atá le teacht;

16. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an gá atá le comhordú éifeachtach beartais idir an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí agus beartais earnálacha lena rialaítear gníomhaíochtaí muirí; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS go bhfuil gá le gníomhaíocht chomhordaithe laistigh de chomhar réigiúnach agus trasnáisiúnta an Aontais chun an Treoir maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí a chur chun feidhme mar bhealach chun uaillmhianta an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach agus chun poitéinseal iontach na n-earnálacha cósta agus muirí a mhéadú ó thaobh an fhás inbhuanaithe de agus mar uirlis lena bhféadfar spás farraige a úsáid ar an iliomad bealach agus na héiceachórais chósta agus mhuirí á gcaomhnú ag an am céanna;

17. IS DÍOL SÁSAIMH DI an obair atá idir lámha ag an bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide agus an tuarascáil speisialta uaidh maidir leis an aigéan agus an crióisféar in aeráid atá ag athrú; Próiseas Rialta na Náisiún Aontaithe le haghaidh Tuairisciú Domhanda agus Measúnú ar Staid na Muirthimpeallachta, lena n-áirítear Gnéithe Socheacnamaíocha (an 'Próiseas Rialta') agus na Measúnuithe Domhanda ar na hAigéin a ghabhann leis; agus an Tuarascáil Mheasúnaithe Dhomhanda ón gClár Idir-Rialtasach maidir le Beartas Eolaíochta um Sheirbhísí Bithéagsúlachta agus Éiceachórais; CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an gá atá le heolas eolaíoch domhanda ar acmhainní agus ar dhaonraí bitheolaíocha na mara a mhéadú; MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil tionchair ag an athrú aeráide agus ag gníomhaíochtaí an duine ar stádas comhshaoil an aigéin agus na bhfarraigí agus gur réamhchoinníoll tábhachtach don gheilleagar gorm inbhuanaithe é an tionchar carnach a thuiscint; IS DÍOL SÁSAIMH DI Straitéis an Aontais Eorpaigh maidir le hoiriúnú don athrú aeráide, go háirithe go n-aithnítear go bhfuil réitigh dhúlrabhunaithe bunriachtanach d'fharraigí agus d'aigéin fholláine, agus gur gá na bearnaí eolais maidir le tionchair aeráide agus an athléimneacht, lena n-áirítear maidir leis na haigéin, a dhúnadh;

18. CUIREANN SÍ I dTÁBHACHT an dlúthnasc idir Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SDG) 14 de Chlár Oibre 2030 agus na SDGanna uile eile a bhaineann leis an ngeilleagar gorm, an dea-bhail agus táirgeadh agus tomhaltas inbhuanaithe; CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur dlúthchuid den fhreagairt Eorpach ar Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe é clár oibre an Aontais um rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan;

19. ATHDHEARBHAÍONN SÍ rannpháirtíocht láidir an Aontais agus a Bhallstát i nDeich mBliana na hEolaíochta Aigéin um Fhorbairt Inbhuanaithe ó na Náisiúin Aontaithe (2021-2030) agus i gComhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis na hAigéin atá ar na bacáin;

20. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé an caomhnú muirí, an fhorbairt inbhuanaithe, agus gníomhaíochtaí eacnamaíocha gorma a chur chun cinn, lena n-áirítear sna réigiúin is forimeallaí agus i dtíortha agus críocha thar lear, agus a leochaileacht shonrach i ndáil le héifeachtaí an athraithe aeráide á tabhairt chun suntais;

## I. AIGÉIN AGUS FARRAIGÍ FOLLÁINE CHUN TACÚ LEIS AN MBEATHA

21. AITHNÍONN SÍ nach mór gníomhú chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar na mórbhagairtí atá ar na héiceachórais mhuirí agus chósta agus ar an mbithéagsúlacht trí chur leis an obair atá ar siúl maidir lena gcosaint agus lena gcaomhnú agus, i measc nithe eile, maidir le hoiriúnú do na drochéifeachtaí a eascraíonn as an athrú aeráide agus iad a mhaolú; IARRANN SÍ go ndéanfaí iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt go práinneach ar an truailliú mara agus an truailliú ó fhoinsí ar talamh, chun méid an bhruscair phlaistigh a théann sna haigéin agus sna farraigí a laghdú, chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, chun deireadh a chur le fóirdheontais dhíobhálacha, agus chun stop a chur le saothrú neamhdhleathach acmhainní muirí agus le tabhairt isteach speiceas coimhthíoch ionrach; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé forbairt inbhuanaithe na n-uiscebhealaí intíre a chur chun cinn, i gcomhréir le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus na Straitéise Cuimsithí um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste;

22. AITHNÍONN SÍ ní hamháin go mbíonn tionchar nach beag ag bruscar muirí ar na héiceachórais mhuirí ach go bhfuil costas ollmhór á chruthú cheana féin ag an mbruscar sin agus caillteanas ioncaim dá réir ar an ngeilleagar gorm, go háirithe an iascaireacht, an dobharshaothrú agus an turasóireacht, agus gníomhaíochtaí iompair mhuirí; IS DÍOL SÁSAIMH DI iarrachtaí an Choimisiúin agus na mBallstát aonair ar an leibhéal idirnáisiúnta teacht ar chomhaontú domhanda maidir le bruscar muirí agus truailliú plaisteach, a bheidh ceangailteach ó thaobh dlí, a laghdódh bruscar plaisteach muirí agus micreaphlaistigh sna haigéin agus sna farraigí;

23. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé go mbeadh i gcomhaontú dá shórt líonraí comhleanúnacha agus ionadaíocha de limistéir mhuirí faoi chosaint agus iad á mbainistiú ar bhealach éifeachtach má táthar le dea-stádas comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil agus caomhnú agus úsáid inbhuanaithe acmhainní muirí agus réitigh dhúlra-bhunaithe a chur chun cinn ar mhaithe le hathléimneacht na n-aigéan agus na bhfarraigí a mhéadú agus le stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta de bharr an athraithe aeráide; IS DÍOL SÁSAIMH DI na spriocanna a leagadh síos i Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, lena n-áirítear an cuspóir sciar nach lú ná 30 % d’fharraigí na hEorpa a chosaint, agus a dhochtchosaint i gcás an tríú cuid díobh sin, agus prionsabal shaoirse na teiscinne agus prionsabal na saoirse loingseoireachta á n-aithint;

24. IARRANN SÍ ar na Ballstáit an phleanáil spásúil mhuirí a úsáid chun seachadadh earraí agus seirbhísí éiceachórais a neartú agus chun cuspóirí éiceolaíocha, eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach, agus íoslaghdú a dhéanamh ar choinbhleachtaí idir gníomhaíochtaí éagsúla a bhíonn ar bun ar muir; AITHNÍONN SÍ coincheap na gconairí gorma i bpleanáil spásúil mhuirí mar bheart chun nascacht fheidhmiúil na ngréasán éiceolaíoch a fheabhsú agus chun iascach inbhuanaithe agus loingseoireacht a áirithiú in éicea-réigiúin mhuirí;

25. IARRANN SÍ ar na Ballstáit a áirithiú go leagfar amach clár oibre maidir leis an ngeilleagar gorm inbhuanaithe i ndlúthchomhar leis na heagraíochtaí idirnáisiúnta ábhartha agus le coinbhinsiúin ábhartha na bhfarraigí réigiúnacha agus i gcomhréir leis na straitéisí réigiúnacha imchuach farraige; MOLANN SÍ go ndéanfaí comhar, sineirge agus malartú feasa gnó agus dea-chleachtas idir imchuacha éagsúla farraige agus tosaíochtaí an gheilleagair ghoirm á gcur chun feidhme;

26. ATHDHEARBHAÍONN SÍ a tiomantas an chaibidlíocht maidir le comhaontú cur chun feidhme idirnáisiúnta, atá uaillmhianach agus ceangailteach ó thaobh dlí, a thabhairt i gcrích a luaithe is féidir, i gcomhréir le UNCLOS, maidir le héagsúlacht bhitheolaíoch mhuirí a chaomhnú agus a úsáid ar bhonn inbhuanaithe i limistéir lasmuigh den dlínse náisiúnta (BBNJ);

## II. <u>EOLAS AGUS FEASACHT CHUN GUR FEARRDE BAINISTIÚ NA BHFARRAIGÍ AGUS NA NAIGÉAN</u>

27. MEABHRAÍTEAR DI a thábhachtaí atá sé tacú leis an taighde, leis an nuálaíocht agus le sonraí oscailte chun gur fearrde tuiscint, cosaint, agus athbhunú na n-aigéan agus na bhfarraigí idir staid, dhinimic, agus éiceachórais; AITHNÍONN SÍ an ról lárnach a bhíonn ag Fís Eorpach agus IS DÍOL SÁSAIMH DI an misean iarrthach dar teideal ‘An tAigéan, Farraigí agus Uiscí’ a tíolacadh faoi scáth Fís Eorpach; IS DÍOL SÁSAIMH DI gur bunaíodh Comhpháirtíocht Eorpach le haghaidh geilleagar aeráidneodrach inbhuanaithe táirgiúil gorm; DÍRÍONN SÍ AIRD AR a thábhachtaí atá sé uirlisí aigéanfhaireacháin agus aigéanfhaireachais satailítbhunaithe a fhorbairt; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór tacú le forbairt na comhpháirte Eorpaí atá sa Chóras Domhanda um Fhaire an Aigéin;

28. AITHNÍONN SÍ an dul chun cinn atá déanta ag an gclár Eorpach um Fhaire na Cruinne (Copernicus), go háirithe trína Sheirbhís Mhuirí, agus tríd an Líonra Eorpach um Fhaire agus Sonraí Muirí' (EMODnet) maidir le sonraí muirí a chur ar fáil bunaithe ar phrionsabail 'FAIR' (Inaimsithe, Inrochtana, In-idiroibritheach agus In-athúsáidte), agus cuireann sí i dtábhacht nach mór na córais sin a fhorbairt agus a thógáil a thuilleadh;

29. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR gur den bhuntábhacht leibhéal an eolais atá ag an bpobal ar na haigéin agus ar na farraigí a mhéadú agus go n-aithneofaí a thábhachtaí atá sé don phláinéad, don tsochaí, agus don gheilleagar aigéin fholláine a bheith ann má táthar le feasacht an phobail a mhéadú agus oideachas a chur orthu; MOLANN SÍ más ea go ndéanfaí iarracht chomhsheasmhach cothú a dhéanamh ar an tuiscint ar na haigéin san oideachas foirmiúil, i ngníomhaíochtaí agus tionscadail feasachta, agus ar gach ciseal den tsochaí i gcoitinne.

30. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR an ról lárnach a bhíonn ag na heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBIanna) ina gcáil mar na príomhfhóraim lena ndéantar dul chun cinn maidir le gníomhaíochtaí a chuireann le cur chun feidhme SFI 14 agus, go háirithe, na spriocanna a bhaineann le bainistiú iascaigh agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara; ATHDHEARBHAÍONN SÍ an ceart atá ag iascaigh agus ag cabhlaigh a gcuid gníomhaíochtaí a shaothrú ar bhealach inbhuanaithe;

31. AITHNÍONN SÍ a ábhartha atá ceithre choinbhinsiún na bhfarraigí réigiúnacha (OSPAR, HELCOM, UNEPMAP agus BSC) mar uirlis lárnach ag a bhfuil traidisiún fada agus taithí fhada sa chomhar idirnáisiúnta chun an comhshaol muirí a chosaint laistigh de réigiúin mhuirí éagsúla na mBallstát agus MOLANN SÍ úsáid leanúnach na gcoinbhinsiún idirnáisiúnta sin chun comhoibriú le tríú tíortha maidir leis na príomh-shaincheisteanna agus dúshláin a bhaineann lenár n-uiscí mara: truailliú farraige ó fhoinsí ar talamh, truailliú muirí lena n-áirítear bruscar muirí, caomhnú agus cosaint na bithéagsúlachta, agus inbhuaine ghníomhaíochtaí an duine;

32. IARRANN SÍ ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún Eorpach, faoi threoir chuspóirí Dheich mBliana na Náisiún Aontaithe maidir le hEolaíocht Aigéin don Fhorbairt Inbhuanaithe, feabhas breise a chur ar an gcomhordú a dhéantar ar a gcláir oibre taighde agus nuálaíochta agus ar a gcuid ionstraimí maoiniúcháin, agus tógáil ar na comhpháirtíochtaí iltaobhacha atá ann cheana amhail an Chomhghuaillíocht Thrasatlantach um Thaighde ar an Aigéan agus na cláir oibre straitéiseacha maidir le taighde agus nuálaíocht a forbraíodh do Mhuir Bhailt, don Mhuir Dhubh, don Mheánmhuir agus don Mhuir Thuaidh mar aon lena bpleananna cur chun feidhme;

## III. GEILLEAGAR GORM INBHUANAITHE CHUN TACÚ LE TÉARNAMH AGUS RATHÚNAS NA HEORPA

33. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach mór an tionchar a imríonn earnálacha éagsúla an gheilleagair ghoirm ar an gcomhshaol a thabhairt faoi chuing na hinbhuanaitheachta trí na cuspóirí agus na spriocanna comhshaoil a leagtar síos faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí a shaothrú go gníomhach i dtaca le gach beartas ábhartha earnála agus trí bhíthin teaglaim d'infheistíochtaí, den nuálaíocht, den rialáil, agus den chomhar leis na geallsealbhóirí uile, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach;

34. TACAÍONN SÍ leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach agus is díol sásaimh di an Plean Gníomhaíochta don Gheilleagar Ciorclach, atá ar cheann de na príomhbhloic thógála atá sa Mhargadh Glas Eorpach, agus IS FADA LÉI an plean gníomhaíochta Towards a Zero Pollution Ambition for air, water and soil – building a Healthier Planet for Healthier People [I dTreo Uaillmhian an Truaillithe Nialasaigh don aer, don uisce agus don ithir – Pláinéad níos folláine a chruthú do dhaoine níos folláine]; AITHNÍONN SÍ nach mór an chiorclaíocht a neartú in earnálacha an gheilleagair ghoirm;

35. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá foinsiú inbhuanaithe an bhia as an aigéan agus as na farraigí ina cháil mar cheann de na príomhdhúshláin a bheidh le treascairt sna blianta atá le teacht, ar bhonn an chomhbheartais iascaigh agus i ndlúthnasc le Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais Eorpaigh go dtí 2030, leis an straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', leis an leagan nuashonraithe den Straitéis Bhithgheilleagair, agus leis an gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO hÁIRITHE nach mór tacú le forbairt an bhithgheilleagair ghoirm, agus le córais inbhuanaithe agus nuálacha dobharshaothraithe;

36. IS DÍOL SÁSAIMH DI an Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste; CUIREANN SÍ I bhFIOS a thábhachtaí atá teicneolaíochtaí inbhuanaithe, an t-uathoibriú agus an digiteáil san earnáil mara agus mhuirí, ar nithe iad atá bunriachtanach le haghaidh aigéin fholláine athléimneacha agus geilleagar gorm inbhuanaithe;

37. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá sé tionscail na loingseoireachta agus an iompair mhuirí a dhícharbónú agus bogadh i dtreo foinsí fuinnimh íseal-astaíochta agus inathnuaite chun cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip a bhaint amach;

38. CUIREANN SÍ CHUN SUNTAIS gur gá cistiú leordhóthanach agus creatdálaí a áirithiú chun taighde agus forbairt a chur chun cinn le haghaidh teicneolaíochtaí éifeachtúla nuálacha chun longa, calafoirt, gníomhaíochtaí iompair mhuirí, tógáil long agus tionscail táirgthe fuinnimh a ullmhú a thuilleadh chun tacú le gníomhaíochtaí iompair mhuirí aeráidneodracha ar íseal a dtionchar ar an gcomhshaol;

39. TACAÍONN SÍ leis na hiarrachtaí a dhéanann na Ballstáit na limistéir rialaithe astaíochtaí (ECAnna) agus limistéir rialaithe astaíochtaí ocsaíde sulfair (SOx ECAnna) a bhunú sna himchuacha farraige Eorpacha éagsúla; TACAÍONN SÍ leis an gcinneadh a rinne páirtithe conarthacha Choinbhinsiún Barcelona, i mí na Nollag 2019, treochlár a ghlacadh i dtreo ainmniú na Meánmhara ina hiomláine mar SOx ECA, d’fhonn togra ainmniúcháin a chur faoi bhráid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), de réir an treochláir sin, agus MOLANN SÍ go n-ullmhófaí go tráthúil é ionas go bhféadfadh ECA SOx na Meánmhara teacht i bhfeidhm a luaithe is féidir;

40. IS DÍOL SÁSAIMH DI straitéis an Aontais leas a bhaint as poitéinseal an fhuinnimh inathnuaite amach ón gcósta le haghaidh todhchaí aeráidneodrach; TACAÍONN SÍ le glacadh na bhfoinsí muirí inathnuaite agus na bhfoinsí fuinnimh íseal-astaíochtaí agus, lena chois sin, glacadh na n-ardán le haghaidh na nuálaíochta agus an tionsclaithe agus na n-ardán ilchuspóireacha amach ón gcósta agus ag an am céanna tuilleadh taighde Á MOLADH AICI maidir leis an méid sin; AITHNÍONN SÍ go bhfuil ról speisialta ag na hoileáin agus na pobail aigéanspleácha mar cheannródaithe sa dícharbónú trí bhíthin scéimeanna píolótacha a éascú le haghaidh teicneolaíochtaí éagsúla fuinnimh inathnuaite amach ón gcósta chun éagsúlú foinsí agus teicneolaíochtaí inathnuaite a mhéadú agus ag an am céanna rannchuidiú le slándáil an tsoláthair i gcórais fuinnimh ar lú a nascacht, is imeallach nó is scoite;

41. MEABHRAÍTEAR DI gur gá dlús a chur leis an obair ar ról na hidrigine, go háirithe ó fhoinsí inathnuaite, agus rannchuidiú na hoibre sin le dícharbónú, téarnamh agus iomaíochas;

42. MOLANN SÍ go ndéanfaí comhar Eorpach i dtáirgeadh fuinnimh gaoithe amach ón gcósta agus i dtionscadail eile fuinnimh inathnuaite mhuirí agus MEABHRAÍTEAR DI go bhfuil gá le rochtain éasca a bheith ann ar mhaoiniú, tástáil, imscaradh agus nascacht i dtaca le heangach fuinnimh na hEorpa;

43. CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR a thábhachtaí atá ionstraimí maoiniúcháin inbhuanaithe chun an t-aistriú go geilleagar gorm a spreagadh, aistriú a bheidh éifeachtach agus inbhuanaithe, agus is díol sásaimh di tionscnamh airgeadais agus prionsabail an gheilleagair ghoirm a d'fhorbair an Coimisiún Eorpach, an Banc Eorpach Infheistíochta agus comhpháirtithe gaolmhara i ndáil leis an méid sin; MOLANN SÍ go ndéanfaí bearta chun an riosca d'infheisteoirí san inbhuaine a laghdú trí ráthaíochtaí ón gclár InvestEU; ADMHAÍONN SÍ go bhfuil méadú ar an infheistíocht phoiblí agus phríobháideach ríthábhachtach chun geilleagar gorm nuálach inbhuanaithe a bhaint amach san Aontas agus ar fud an domhain;

44. MOLANN SÍ don Choimisiún agus do na Ballstáit leanúint dá gcomhpháirtíocht le Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta chun cabhrú le fiontair bheaga agus mheánmhéide táirgí agus seirbhísí nuálacha nua a thabhairt isteach sa gheilleagar gorm tríd an tionscnamh BlueInvest;

45. AITHNÍONN SÍ a thábhachtaí atá an turasóireacht inbhuanaithe mhuirí agus chósta maidir le forbairt an gheilleagair ghoirm agus rathúnas na bpobal cósta;

46. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé a bheith ag comhoibriú go dlúth leis na páirtithe uile a chuidíonn le forbairt an gheilleagair ghoirm agus leis na gnólachtaí a eascróidh as, agus FEARANN SÍ FÁILTE roimh na hionstraimí lena ndéanfar rannpháirtíocht agus comhar sa taighde agus san fhorbairt theicneolaíoch;

## IV. **GEILLEAGAR GORM INBHUANAITHE LENA NGABHANN COTHROIME SHÓISIALTA, COTHROMAS AGUS CUIMSITHEACHT**

47. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sé geilleagar gorm inbhuanaithe a chur chun cinn lena n-éascófar cionroinnt chuí shaibhreas na n-aigéan agus lena n-áiritheofar dálaí oibre cothroma cuibhiúla chomh maith le comhdheiseanna do chách; AITHNÍONN SÍ an ceart atá acu siúd, idir fhir agus mhná, atá ag obair in earnálacha an gheilleagair ghoirm a gcuid gníomhaíochtaí a shaothrú agus luach a saothair a fháil, agus gur gá go gcuirfí le tarraingteacht na ngairmeacha muirí; CUIREANN SÍ I bhFIOS gur gá cuidiú le gach gníomhaíocht a bheith páirteach san aistriú chuig conair inbhuanaithe; MEABHRAÍTEAR DI rún 2020 ó EIS maidir le saincheisteanna saothair mhuirí agus paindéim COVID-19 inar áitíodh ar na Ballstáit maraithe a ainmniú mar 'príomhoibrithe';

48. TATHANTAÍONN SÍ ar na Ballstáit an próiseas a éascú lena ndéanfar an lucht saothair a uas-sciliú agus a athoiliúint ionas go mbeidh a n-éilítear sna poist agus sna teicneolaíochtaí nua ar a gcumas agus IARRANN SÍ orthu a áirithiú go gcuirfear chun cinn gairmeacha muirí agus go méadófar soghluaisteacht na bprintíseach agus na mac léinn in earnálacha muirí trí chláir mhalartaithe a fhorbairt san Aontas;

49. AITHNÍONN SÍ gur cuid fhíor-riachtanach den gheilleagar gorm iad na calafoirt; is nóid fhíor-riachtanacha i bhforbairt agus in oibríochtaí earnálacha éagsúla den gheilleagar gorm, ón iompar muirí go turasóireacht chósta agus mhuirí, ón bhfuinneamh amach ón gcósta, mar aon le hiascach agus dobharshaothrú, agus tógáil long, saoráidí deisithe agus athchúrsála go dtí an geilleagar ciorclach muirí; CUIREANN SÍ I bhFIOS na dúshláin mhóra, lena n-áirítear deacrachtaí maidir le malartú criú agus aisdúichiú, atá roimh mharaithe an Aontais agus maraithe tríú tíortha mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus ÁITÍONN SÍ ar na Ballstáit agus ar na geallsealbhóirí ábhartha prótacail ábhartha IMO a chur chun feidhme chun malartuithe criú agus taisteal sábháilte a áirithiú le linn na paindéime;

50. Maidir le comhionannas inscne agus cumhachtú na mban, AITHNÍONN SÍ go leanfaidh an tAontas agus na Ballstáit dá gcaomhnú, dá gcur chun cinn agus dá gcosaint i ngníomhaíochtaí muirí; ADMHAÍONN SÍ a thábhachtaí atá sé glór agus rannpháirtíocht na nglún óg a fheabhsú;

51. IARRANN SÍ go ndéanfaí gníomhaíocht iltaobhach agus comhar struchtúrtha chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna domhanda, lena n-áirítear an tslí bheatha ar na hoileáin, i bpobail aigéanspleácha agus sna réigiúin is forimeallaí san Aontas agus ina thíortha agus ina chríocha thar lear;

52. MEABHRAÍTEAR DI gur réamhchoinníoll do gheilleagar gorm rathúil san Aontas iad an tslándáil mhuirí agus an faireachas muirí; IS DÍOL SÁSAIMH DI an tuarascáil is déanaí ón gCoimisiún agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí maidir le cur chun feidhme phlean gníomhaíochta straitéis slándála muirí an Aontais agus GEALLANN SÍ go leanfaidh sí de na gníomhaíochtaí comhpháirteacha ar leibhéal an Aontais agus na mBallstát i gcomhréir leis an bplean gníomhaíochta sin; ÁITÍONN SÍ ar an gCoimisiún leanúint lena iarrachtaí Timpeallacht Chomónta lánoibríochtúil um Chomhroinnt Faisnéise le haghaidh an réimse muirí a bhunú i gcomhar leis na Ballstáit agus le gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais;

53. CUIREANN SÍ I dTREIS a thábhachtaí atá sábháilteacht agus sláinte ag an obair agus gníomhaíochtaí á ndéanamh san hearnálacha mara agus muirí, chun tionóiscí a chosc agus oibrithe agus an comhshaol a chosaint ar iarmhairtí gaolmhara a d'fhéadfadh a bheith ann.